



**European Committee
of the Regions**

RÁITEAS PRÍOBHÁIDEACHAIS

MS Dynamics agus ClickDimensions

Tá Coiste na Réigiún (an Coiste) tiomanta meas a léiriú ar phríobháideachas an spriocghrúpa lena ndéanann sé cumarsáid. Leagtar síos sa ráiteas príobháideachais seo a leanas na critéir faoina mbailíonn, a mbainistíonn agus a n-úsáideann an Coiste sonraí pearsanta i ndáil le dáileadh éifeachtach preaseisiúintí, nuachtlitreacha, cuirí go dtí imeachtaí de chuid an Choiste agus aon chumarsáid ábhartha a bhaineann lena réimse gníomhaíochtaí.

1. Ainm na hoibríochta próiseála agus cur síos gairid uirthi.

Is uirlisí oibre d'fhoireann Choiste na Réigiún iad feidhmchlár bainistíochta caidrimh custaiméirí MS Dynamics agus feidhmchlár uathoibríthe margaíochta ClickDimensions, a úsáidtear chun críocha conarthaí agus liostaí postála a bhainistiú, ollphostálacha a dhéanamh (nuachtlitreacha, cuirí go dtí imeachtaí etc.) agus faisnéis a bhailiú trí fhoirmeacha ar líne agus suirbhéanna. Stóráiltear sonraí i mbunachar sonraí Dynamics, atá óstáilte ag an gCoiste.

2. Cé atá freagrach as sonraí pearsanta a phróiseáil in Microsoft Dynamics CRM ag an gCoiste (rialaitheoir sonraí)?

Achim Ladwig, Ceann na Meán Digiteach agus Sóisialta, Aonad Foilseachán, Stiúrthóireacht na Cumarsáide.

3. Cad iad cuspóirí na próiseála?

Is uirlis oibre agus cainéal faisnéise é Dynamics a cheadaíonn:

- Bainistíocht caidrimh le páirtithe leasmhara;
- An spriocghrúpa a choimeád ar an eolas maidir le hobair an Choiste trí nuachtlitreacha, preaseisiúintí agus postálacha eile dá leithéid;
- Imeachtaí a bhainistiú (cuirí, clárú, bearta leantacha) agus suirbhéanna a sheoladh (seachtrach agus inmheánach);
- Cumarsáid inmheánach (nuachtlitir do chomhaltaí, imeachtaí cultúrtha etc.).

Tá an coiste in ann sonraí staidrimh a bhailiú ar fheachtais ríomhphoist ghaolmhara, amhail ligean d'úsáideoirí feiceáil cé acu de na naisc ina dteachtaireachtaí ba mhó a raibh éileamh ag faighteoirí orthu, líon na dteachtaireachtaí a seachadadh agus a osclaíodh, agus líon na bpreab agus an líon úsáideoirí a dhfliostáil.

Logálann Dynamics faisnéis freisin ar cibé an bhfuair ábhair na sonraí na ríomhphoist nó ar oscail siad iad, agus ar cliceáladh ar aon nasc sa ríomhphost. Déantar é seo chun ligean don Choiste sonraí staidrimh a bhailiú ar fheachtais ríomhphoist ghaolmhara.

4. Cad é an bunús dlí don phróiseáil?

Tá sé dlíthiúil sonraí pearsanta a phróiseáil faoi:

- Airteagal 5a) de Rialachán 45/2001 - Is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích ar mhaithe le leas an phobail ar bhonn na gconarthaí lenar bunaíodh na Comhphobail Eorpacha; agus é ina mhisean ar leith ag an gCoiste ionadaíocht a dhéanamh do limistéir chríche, réigiúin, cathracha agus bardais an Aontais Eorpaigh agus go mbeidh baint ag údaráis réigiúnacha agus áitiúla i bpróiseas cinnteoireachta na hEorpa, agus ár gcomhshaoránaigh a spreagadh chun rannpháirt níos mó a ghlacadh; agus
- Airteagal 5d) de Rialachán 45/2001 - Tá toiliú soiléir tugtha ag an ábhar sonraí.

5. Cad iad na sonraí pearsanta ar féidir iad a stóráil?

EAGRAÍOCHTAÍ

Ainm eagraíochta, acrainm, ainm eagraíochta i mBéarla agus i bhFraincis, teangacha oibre, tír a bhfuil ionadaíocht á déanamh uirthi, réigiún a bhfuil ionadaíocht á déanamh air, rangú NUTS, suíomh gréasáin, uimhir theileafóin agus faics, cuntas Twitter, cuntas Facebook, cuntas LinkedIn, sráid agus uimhir, cód poist, cathair, tír, réimsí spéise, cineál eagraíochta, agus do Chomhaltaí Choiste na Réigiún - grúpa polaitiúil, clúdach geografach.

TEAGMHÁLACHA

Seoladh ríomhphoist, sloinne, céadainm, inscne, eagraíocht, tír a bhfuil ionadaíocht á déanamh uirthi, réigiún a bhfuil ionadaíocht á déanamh air, roinn, oifig, teideal poist, beannú, teangacha, uimhir theileafóin, fón póca, cuntas Twitter, cuntas Facebook, cuntas LinkedIn, sráid agus uimhir, cód poist, cathair, tír, ról san eagraíocht, réimsí spéise, agus do Chomhaltaí Choiste na Réigiún - grúpa polaitiúil.

Logálann Dynamics faisnéis freisin ar cibé an bhfuarthas agus ar osclaíodh ríomhphoist, agus ar cliceáladh aon nasc sa ríomhphost. Déantar é seo chun ligean don Choiste sonraí staidrimh a bhailiú ar fheachtais ríomhphoist.

6. Cé aige a bhfuil rochtain ar do shonraí pearsanta?

Foireann Choiste na Réigiún agus foireann chomhsheirbhísí Choiste na Réigiún/Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (oifigigh, gníomhairí sealadacha, gníomhairí ar conradh, saineolaithe náisiúnta ar iasacht, daoine faoi oiliúint), a iarrann iad chun críocha a gcuid oibre, agus ar a mbronntar rochtain ar bhonn riachtanais a bpoist, agus tar éis dóibh an oiliúint ábhartha a fháil.

7. Conas is féidir liom rochtain a fháil ar mo shonraí, iad a leasú nó a scriosadh?

Tá an ceart agat chun do shonraí pearsanta a rochtain agus a iarraidh go gceartófar nó go scriosfar iad. Is féidir leat na cearta seo a fheidhmiú ach do cheist a chur go dtí foireann Dynamics an Choiste trína mbosca poist feidhmiúil: Dynamics4CoR@cor.europa.eu. Déileálfar le do cheist laistigh d'fhiche (20) lá oibre.

Is féidir leat d'fíliostáil freisin ó ábhar ar bith nó ó ábhar sonrach a fháil ón gCoiste ag am ar bith ach cliceáil ar an nasc “d'fíliostáil” ag bun aon ríomhphoist a fuarthas. Má dhiúltaíonn tú glacadh le hábhar an Choiste, ní dhéanfaimid teagmháil leat a thuilleadh; coimeádfar do shonraí, áfach. (Más mian leat go scriosfar do shonraí, ba cheart an méid sin a iarraidh go sonrach i ríomhphost chuig: Dynamics4CoR@cor.europa.eu).

8. Cén fhad a choimeádfar mo shonraí?

Ní úsáidfeá do shonraí a thuilleadh tar éis duit diúltú glacadh le hábhar an Choiste tar éis duit an nasc “d'fíliostáil” a chliceáil ag bun aon ríomhphoist a fuarthas. Scriosfar na sonraí laistigh d'fhiche (20) lá oibre tar éis do d'iarraidh go ndéanfaí amhlaidh a bheith faighte i mbosca poist feidhmiúil fhoireann Dynamics an Choiste. Anuas air sin, déanann an Coiste glantachán gach dhá bhliain ar na sonraí teagmhála ar fad atá neamhghníomhach sa bhunachar sonraí.

9. Cé leis a ndéanfaidh mé teagmháil má tá ceist nó gearán agam?

Moltar go láidir duit teagmháil a dhéanamh ar dtús le foireann Dynamics an Choiste, trína mbosca poist feidhmiúil: Dynamics4CoR@cor.europa.eu.

Mura mbíonn tú sásta le freagra fhoireann Dynamics, tá tú i dteideal ansin freisin teagmháil a dhéanamh le rialaitheoir sonraí Dynamics: Achim Ladwig, Ceann na Meán Digiteach agus Sóisialta, Aonad Foilseachán, Stiúrthóireacht na Cumarsáide (dynamicsdatacontrol@cor.europa.eu).

Is féidir aon cheist maidir le próiseáil do shonraí pearsanta a sheoladh chuig Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS) an Choiste: data.protection@cor.europa.eu.

Maidir le cúraimí a bhaineann le próiseáil do shonraí pearsanta, is féidir leat freisin ag am ar bith dul i muinín an Mhaoirseora Eorpaigh um Chosaint Sonraí (MECS): edps@edps.europa.eu.